# Clár Spéisiúil

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chlár spéisiúil speisialta a chraolfar ar TG4. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

| | | |
|---|---|---|
| ceannáras | in iomaíocht | uachtarán |
| faoi chathaoirleacht | díospóireacht dhátheangach | |
| teideal an chláir nuálaigh | rannpháirtí | cúrsaí eacnamaíochta |
| díospóireacht na gceannairí | éagsúil | anailís |

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth a raibh a lán ullmhúcháin ar siúl ag foireann TG4?
2. Cad a bheidh le déanamh ag an seachtar iarrthóirí uachtaránachta?
3. Scríobh dhá cheist a luaigh Pól Ó Gallchóir a chuirfear ar na hiarrthóirí?
4. Cad a dúradh faoi dhíospóireacht na gceannairí?
5. Cad é ainm an chláir agus an mbeidh fotheidil leis?
6. Cad eile atá ar eolas agat faoin chlár?

**Ceist 3** *seomra – seomraí / teideal – teidil*

a) Aimsigh na hiolraí de na hainmfhocail seo: stáisiún, uachtarán, iarrthóir, díospóireacht, cúrsa, anailís.

b) Anois cuir an t-alt roimh gach ainmfhocal faoi a) san uimhir uatha agus san uimhir iolra, mar shampla:

an seomra – na seomraí
an teideal – na teidil

**Ceist 4** '…*cúigear fear agus beirt bhan*…'

a) Cad iad na huimhreacha atá i gceist thuas? Féach ar na rialacha seo a leanas. An féidir leat féin agus an duine in aice leat samplaí a roghnú ón chiorcal a léireodh na rialacha?

- Baintear úsáid as an ghinideach iolra den ainmfhocal.
- Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*.**
- Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*** má thosaíonn an t-ainmfhocal le d, s, t, l, n.
- Ní féidir an focal 'duine' a úsáid mar go bhfuil sé mar chuid de na huimhreacha pearsanta cheana féin (cúigear = cúig dhuine).




b) Cuirigí an fhoirm cheart de na hainmfhocail tar éis na n-uimhreacha sa bhosca thíos.

| | Fir | Mná | Craoltóirí | Seanadóirí | Othar |
|---|---|---|---|---|---|
| amháin | fear amháin | | craoltóir amháin | seanadóir amháin | |
| beirt | | bhan | | seanadóirí | |
| triúr | fear | | | seanadóirí | othar |
| ceathrar | fear | | craoltóirí | | |
| cúigear | | ban | craoltóirí | | othar |
| seisear | fear | | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| seachtar | fear | ban | | | |
| ochtar | | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| naonúr | fear | ban | | | othar |
| deichniúr | fear | ban | | seanadóirí | |

**Ceist 5** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil post an Uachtaráin tábhachtach, dar leat? Cén fáth?

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach bean a bheith mar Uachtarán, dar leat?

Cé dó a dtabharfá do vóta ar an 27 Deireadh Fómhair 2011? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

ceannáras – *headquarters*
in iomaíocht – *in competition*
uachtarán – *president*
faoi chathaoirleacht – *under chairmanship*
díospóireacht dhátheangach – *bilingual debate*
teideal an chláir nuálaigh – *title of the innovative program*
rannpháirtí – *participant*
cúrsaí eacnamaíochta – *economics*
díospóireacht na gceannairí – *leaders' debate*
éagsúil – *different*
anailís – *analysis*

**Ceist 2**
1. Bhí siad ag ullmhú don chúigear fear agus don bheirt bhan atá i rása uachtaránachta na hÉireann.
2. Beidh na hiarrthóirí uachtaránachta ag díospóireacht go dátheangach ar an teilifís.
3. Cuirfear ceisteanna faoi chúrsaí eacnamaíochta, faoi chúrsaí Gaeilge agus faoi chúrsaí cultúrtha.
4. Dúradh gur éirigh thar barr léi agus dá bharr sin beidh díospóireacht ann d'iarrthóirí na huachtaránachta.
5. Áras 2011 ainm an chláir agus beidh fotheidil leis.
6. Beidh sé ar siúl oíche amárach (anocht) ag a seacht a chlog, agus mairfidh an clár ar feadh uair go leith.

**Ceist 3**
a)
stáisiún – stáisiúin
uachtarán – uachtaráin
iarrthóir – iarrthóirí
díospóireacht – díospóireachtaí
cúrsa – cúrsaí
anailís – anailísí

b)
an stáisiún – na stáisiúin
an t-uachtarán – na huachtaráin
an t-iarrthóir – na hiarrthóirí
an díospóireacht – na díospóireachtaí
an cúrsa – na cúrsaí
an anailís – na hanailísí

*Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an 'h' san uimhir iolra nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal le guta. Mínigh chomh maith na difríochtaí idir ***an t-uachtarán*** (firinscneach) agus ***an anailís*** (baininscneach).

**Ceist 4**

a) Na huimhreacha pearsanta atá i gceist.

- Baintear úsáid as an ghinideach iolra den ainmfhocal. (***fear / ban / múinteoirí)***
- Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*****. (*****mhac***)
- Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***beirt*** má thosaíonn an t-ainmfhocal le d, s, t, l, n. (***deirfiúracha***)
- Ní féidir an focal 'duine' a úsáid mar go bhfuil sé mar chuid de na huimhreacha pearsanta cheana féin (cúigear = cúig dhuine). (***bhí beirt ag an choisir***)

b)

| | Fir | Mná | Craoltóirí | Seanadóirí | Othar |
|---|---|---|---|---|---|
| amháin | fear amháin | bean amháin | craoltóir amháin | seanadóir amháin | othar amháin |
| beirt | fhear | bhan | chraoltóirí | seanadóirí | othar |
| triúr | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| ceathrar | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| cúigear | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| seisear | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| seachtar | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| ochtar | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| naonúr | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |
| deichniúr | fear | ban | craoltóirí | seanadóirí | othar |

**Ceist 5**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Áine Lally**
Bhí go leor ullmhúcháin idir lámha ag foireann TG4 ag ceannáras an stáisiúin teilifíse i gContae na Gaillimhe i rith an lae. Bhí seomraí á réiteach don chúigear fear agus beirt bhan atá san iomaíocht le bheith ina gcéad uachtarán eile ar Éirinn. Glacfaidh na hiarrthóirí uachtaránachta uile[i] páirt i ndíospóireacht dhátheangach teilifíse faoi chathaoirleacht an chraoltóra, Páidí Ó Lionáird.

*Áras 2011* teideal an chláir nuálaigh seo agus is é an chéad díospóireacht[ii] dhátheangach dá leithéid ar TG4 é.

**Páidí Ó Lionáird**
Ná cailligí *Áras 2011* ar TG4, Dé Máirt seo chugainn, óna seacht a chlog.

**Áine Lally**
Cuirfidh seachtar de na hiarrthóirí iad féin i láthair agus beidh siad i mbun plé dátheangach[iii] ina dhiaidh sin. Déanfaidh chuile rannpháirtí ráiteas gearr i nGaeilge i dtosach. Ina dhiaidh sin leanfaidh díospóireacht thart ar cheathracha[iv] nóiméad agus beidh rogha teanga ceadaithe do na hiarrthóirí. Críochnóidh an plé le ráiteas gearr Gaeilge ó chuile iarrthóir chomh maith.

**Pól Ó Gallchóir, Ardstiúrthóir TG4**
Beidh ceisteanna á gcur a bhaineann leis an tír ar fad, le cúrsaí eacnamaíochta na tíre, cúrsaí Gaeilge, cúrsaí cultúrtha agus go leor cúrsaí eile, *so* sílim go mbeidh an díospóireacht, go mbeidh sé éagsúil agus ag súil go mór leis.

**Áine Lally**
D'éirigh thar barr le díospóireacht na gceannairí ar TG4 le linn fheachtas an olltoghcháin san earrach. Theastaigh ón gcainéal díospóireacht teilifíse a sholáthar idir iarrthóirí do thoghchán uachtaránachta 2011 freisin.

**Pól Ó Gallchóir, Ardstiúrthóir TG4**
D'éirigh go maith le díospóireacht na gceannairí agus bhí suas le sé chéad míle duine ag breathnú ar an chlár sin. *So*, mar sin creidim, iarracht atá ann an caighdeán céanna a choinneáil, go bhfuil iomaíocht ann idir craoltóirí teilifíse, agus go bhfuil muidne cinnte go mbeidh an caighdeán chomh hard sin againne agus atá ag craoltóirí eile.

**Áine Lally**
Beidh fotheidil ar *Áras 2011* nuair a chraolfar é amárach, ag a seacht a chlog. Clár uair go leith a bheas i gceist le díospóireacht agus anailís. Áine Lally, Nuacht TG4.

[i] *uilig* a deirtear
[ii] *dhíospóireacht* a deirtear
[iii] *dhátheangach* a deirtear
[iv] *ceathracha* a deirtear